Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9923/22**

**SOC 367**
**EMPL 247**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Bearta sóisialta chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe as an Úcráin<br>- Nóta stiúrtha ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite don díospóireacht bheartais a bheidh ar siúl le linn an lóin sa Chomhairle (EPSCO) an 16 Meitheamh 2022.

**Comhairle EPSCO (fostaíocht agus gnóthaí sóisialta)**

**Lucsamburg, an 16 Meitheamh 2022**

**Bearta sóisialta chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin**

Ó chuir an Rúis tús lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, bhain an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit leas iomlán as gach a raibh acu chun á áirithiú go mbeidís in ann freagairt a thabhairt a bheadh ag teacht le tromchúis na staide. Ón 24 Feabhra 2022 i leith, tá an cogadh foghach seo cáinte go neamhbhalbh ag an gComhairle Eorpach agus freagairtí gasta nithiúla iarrtha aici[1].

Léirigh an tAontas Eorpach an-fhreagrúlacht freisin sna beartais agus sna smachtbhannaí atá glactha aige in aghaidh na Rúise, agus léirigh na Ballstáit dlúthpháirtíocht trí bhreis agus 6 mhilliún duine atá ag teitheadh ón gcogadh, ar mná agus leanaí 90 % díobh, a óstáil. Breis agus 3,5 milliún duine a óstáladh sa Pholainn nó a rinne idirthuras tríd an bPolainn. Measann Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe gur fhill 2,1 milliún Úcránach ar a dtír. Tá na sreabha ag na teorainneacha ag cobhsú anois[2], agus ón 10 Bealtaine i leith, tá níos mó daoine ag filleadh ar an Úcráin ná mar atá ag teacht isteach san Aontas. Tá na gluaiseachtaí a taifeadadh inchomparáide leis na gluaiseachtaí a taifeadadh sna blianta atá caite.

[1] 1/22

[2] De réir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, meastar go bhfuil – ón 24 Feabhra 2022 i leith – breis agus 2,1 milliún Úcránach tagtha ar ais go dtí an Úcráin cheana féin (https://data.unhcr.org/fr/situations/ukraine)

**Na tionscnaimh a cuireadh ar bun**

An 3 Márta, d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh d'aon toil gníomhachtú láithreach na socruithe dá bhforáiltear i dTreoir 2001 maidir le cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú isteach de dhaoine easáitithe[3]. Faoin stádas cosanta sealadaí, tugtar cosaint agus cearta láithreach, lena n-áirítear cearta cónaithe, rochtain ar mhargadh an tsaothair, rochtain ar thithíocht, cúnamh sóisialta, cúnamh leighis, rochtain ar oideachas do leanaí, an ceart chun caomhnóireachta dlíthiúla do mhionaoisigh neamhthionlactha, agus an ceart chun cóir mhaireachtála. Tá treoir phraiticiúil á hullmhú ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair i bhfoirm teachtaireachta maidir le lánpháirtiú ar mhargadh an tsaothair, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim aosach.

Chun na socruithe sin a shoiléiriú agus an tacaíocht is fearr is féidir a thabhairt do na Ballstáit, ghlac an Coimisiún Eorpach teachtaireacht an 23 Márta maidir le treoirlínte oibríochtúla chun cosaint shealadach a chur chun feidhme[4]. Tugtar treoir sa Teachtaireacht sin maidir le raon feidhme na Treorach, leis na socruithe chun aire a thabhairt do leanaí, go háirithe leanaí neamhthionlactha, leis an tsaorghluaiseacht, le clárú agus tuairisciú. Cuireadh ardán dlúthpháirtíochta ar bun freisin chun an fhreagairt oibríochtúil a chomhordú i measc na mBallstát agus chun gur fusaide ionstraimí ábhartha an Aontais a úsáid.

3 Treoir 2001/55/CE
4 7439/22

Is tosaíocht ag na Ballstáit uile é cabhrú le dídeanaithe ón Úcráin iad féin a lánpháirtiú sna Ballstáit agus go háirithe dul isteach ar mhargadh an tsaothair. Dá réir sin, chuir an tAontas cistí ar fáil[5], d'éascaigh sé aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla[6] agus ráthaigh sé an ceart chun rochtain a fháil ar ghairmoiliúint chun lánpháirtiú dídeanaithe a éascú ar mhargadh an tsaothair, ag brath ar riachtanais gnólachtaí sa Bhallstát inar lonnaigh siad, mar a fhoráiltear sa Treoir um Chosaint Shealadach.

Cláraíodh 2,8 milliún duine ar tugadh cosaint dóibh ó gníomhachtaíodh an chosaint shealadach.

I gcomhthráth le gníomhachtú na socruithe sin, dhearbhaigh an Coimisiún an athuair a ghealltanas do na daoine easáitithe ón Úcráin, trí theachtaireacht a ghlacadh, ón 8 Márta, maidir le dlúthpháirtíocht na hEorpa le dídeanaithe agus leo siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin[7]. Tá obair ar bun ag an Aontas Eorpach freisin chun raon cistí a shlógadh chun freastal ar riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine agus chun ullmhú d'atógáil na tíre[8][9].

---

5 I gcomhthéacs an tionscnaimh 'Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip' (CARE), díríodh sna leasuithe ar na rialacháin atá ann cheana ar níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit chun cistí nár caitheadh ó chlárthréimhse 2014-2020 a chur ar fáil go tapa, go háirithe trí Chiste Sóisialta na hEorpa.

6 Mar shampla, Moladh (AE) 2022/554 an 5 Aibreán 2022 maidir le cáilíochtaí a aithint do dhaoine atá ar a dteitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin nó an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach (8556/22).

7 7027/22

8 Togra leasaithe le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU.

9 Teachtaireacht (COM (2022) 233 final) an 18 Bealtaine 2022 maidir le fóirithint agus atógáil na hÚcráine.

Mar chuid den obair leantach a ghabh leis na bearta sin, bhí an Plean 10 bpointe: treochlár don chabhair Eorpach é seo a tíolacadh ag cruinniú urghnách na n-airí gnóthaí baile an 28 Márta le haghaidh comhordú Eorpach níos dlúithe maidir leo siúd atá ar a dteitheadh ón limistéar coinbhleachta.

**Bearta lena nglactar agus lena gcosnaítear iad siúd ar leochaileach dá gcás**

Léiríonn mórphlódú na ndídeanaithe atá ar a dteitheadh ón gcoinbhleacht – ar mná atá astu féin nó a bhfuil leanaí leo den chuid is mó iad – gur baol mór dóibh an gháinneáil ar dhaoine, an t-uchtú neamhdhleathach, an teacht i dtír gnéasach, agus an t-éigniú. I ndáil leis sin, tá dualgas – agus dúshlán dá réir – ar gach Ballstát na cearta sóisialta is bunúsaí a chaomhnú; tá freagracht orthu na pobail is leochailí a chosaint, go háirithe leanaí agus mionaoisigh neamhthionlactha, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, agus an pobal Romach.

Ós amhlaidh atá, ghlac an tArdán Dlúthpháirtíochta Eorpach plean chun an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac. Sa phlean seo, leagtar síos treoirlínte ar leibhéal na hEorpa agus ar leibhéal na mBallstát chun gáinneáil a chosc agus a chomhrac, agus chun íospartaigh na gáinneála a shainaithint, chun tacú leo agus chun iad a chosaint. Anuas air sin, d'fhógair an Coimisiún an 13 Bealtaine go leithdháilfí EUR 1.5 milliún ar thionscadal ar leith chun tacú le Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA); cuideoidh sé seo le mná agus cailíní san Úcráin trí sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe a chur ar fáil.

Mar sin féin, tá dúshláin nach beag roimh na Ballstáit maidir leis na rioscaí a bhaineann le dúshaothrú agus foréigean a chosc agus a chomhrac, go háirithe i gcás ban agus cailíní, agus tacaíocht leighis leordhóthanach a áirithiú i dtaca le cearta gnéis agus atáirgthe d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus an éignithe.

Ag an gcruinniú urghnách deireanach a bhí aici an 30 Bealtaine, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí leis an Úcráin agus go bhfuil rún daingean aici glacadh le dídeanaithe agus slándáil a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear trí chúnamh a thabhairt do thíortha comharsanachta[10].

Maidir le leanaí go háirithe, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit, chomh fada siar le mí an Mhárta 2022, staid shonrach leanaí na hÚcráine ar dídeanaithe iad a chur san áireamh ina bpleananna náisiúnta maidir le cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí. An 9 Meitheamh 2022, sna conclúidí a d'fhormheas sí maidir le Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh, dhírigh an Chomhairle breis dá haird ar na rioscaí agus bearta sonracha is ábhartha do leanaí tráth éigeandála nó géarchéime.

Ina theannta sin, d'iarr an Úcráin ar líon mór Ballstát meabhrán comhair a shíniú maidir le cosaint shóisialta a thabhairt do leanaí ar íospartaigh iad a easáitíodh go sealadach i ngeall ar an ngníomhaíocht mhíleata agus ar an gcoinbhleacht armtha. Rinne na Ballstáit comhordú ar a bhfreagairtí – ar an leibhéal náisiúnta, ar bhonn treoirlínte arna moladh ag an gCoimisiún Eorpach – agus, ar bhealach comhlántach, ar leibhéal an Aontais. Dá bharr sin, tá dréachtseasamh polaitiúil ón gComhairle á phlé, ina ndéantar tagairt shonrach do na hionstraimí Eorpacha agus idirnáisiúnta is infheidhme lena bhféadfar creat éifeachtach a áirithiú chun breathnú i ndiaidh leanaí sin na hÚcráine ar dídeanaithe iad. Tabharfaidh an seasamh sin ugach do na Ballstáit a gcomhar trasteorann a neartú ar mhaithe leis na leanaí seo agus pé seirbhísí agus cúram dá mbeidh de dhíth orthu a chur ar fáil dóibh in aisce.

Ag eascairt as an díospóireacht a rinneadh an 14 Márta ag Comhairle EPSCO, tá malartú tuairimí nua beartaithe ag an Uachtaránacht maidir leis na cleachtais éagsúla, ar cuireadh tús leo ar an leibhéal náisiúnta, chun cearta sóisialta dídeanaithe ón Úcráin a chosaint agus chun a lánpháirtiú iomlán sa tsochaí a chur chun cinn.

10 21/22

Ós amhlaidh atá, iarrtar ar na hairí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- Cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a rinneadh i do thírse i gcomhréir leis na bearta sóisialta a leagtar amach sa Treoir um Chosaint Shealadach chun glacadh le dídeanaithe ón Úcráin – go háirithe mná agus leanaí – a éascú?
- Cé mar is féidir lánpháirtiú dídeanaithe, go háirithe lánpháirtiú na mban, i margadh saothair an Bhallstáit óstaigh a spreagadh maille le cosaint chearta sóisialta dídeanaithe a chur chun cinn?
- Cad iad na tionscnaimh eile a d'fhéadfaí a bheartú chun lánpháirtiú sóisialta na ndaoine is leochailí a chur chun cinn?